international council on archives
conseil international des archives

DEARBHÚ UILECHOITEANN MAIDIR LE CARTLANNA

Coimeádtar taifead ar chinntí, ar bhearta agus ar chuimhní i gcartlanna. Is oidhreacht fhíorluachmhar ar leith iad cartlanna a tugtar ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Déantar cartlanna a bhainistiú ón am a chruthaítear iad agus déantar an luach agus an míniú taobh thiar dóibh a chaomhnú. Is foinsí údarásacha eolais iad a chuireann taca faoi bhearta riaracháin cuntasacha agus trédhearcacha. Tá ról tábhachtach á n-imirt acu maidir le forbairt an tsochaí trí chuimhní an duine aonair agus an phobail a chosaint agus trí chur leo. Trí chartlanna a oscailt cuirtear leis an eolas atá againn ar an tsochaí daonna, cuirtear daonlathas chun cinn, tugtar cosaint do chearta saoránach agus cuirtear feabhas ar chaighdeán an tsaoil.

An pobal cartlainne idirnáistiúnta, agus na nithe seo a leanas á n-aithint acu:

- **caighdeán ar leith** na gcartlanna mar fhianaise údarásach ar ghníomhaíochtaí riaracháin, cultúrtha agus intleachtúla agus mar smaoineamh ar éabhlóid an tsochaí;

- **riachtanas ríthabhachtach** na gcartlanna ar mhaithe le tacú le héifeachtacht, freagracht agus trédhearcacht ghnó, mar aon le cearta saoránaigh a chosaint, cuimhne an duine aonair agus cuimhne chomhchoiteann a bhunú, leis an am atá thart a thuiscint, agus le taifead a choimeád den am faoi láthair chun treoir a thabhairt le haghaidh bearta sa todhchaí ;

- **ilchineálacht** na gcartlann maidir le gach gné de ghníomhaíochtaí an duine a thaifead;

- **iomadúlacht na bhformáidí** in ndéantar cartlanna a chruthú lena n-áirítear cartlanna páipéir, leictreonacha, closamhairc agus de chineál eile;

- **ról na gcartlannaithe** mar lucht gairmiúil oilte i dtaobh oideachais tosaigh agus leanúnaigh, ag freastal ar an tsochaí trí thaifid a choimeád agus na taifid sin a roghnú, a chothabháil agus a chur ar fáil le húsáid ;

- **an comhfhreagracht** atá orainn ar fad – saoránaigh, riarthóirí poiblí agus cinneadóirí, úinéirí nó sealbhóirí chartlanna poiblí agus príobháideacha, chomh maith le cartlannaithe agus speisialtóirí eolais – maidir le bainistiú cartlann.

Geallann siad go n-oibróidh siad le chéile chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- go glacfar le polasaithe agus le dlíthe cartlainne náisiúnta agus go gcuirfear i bhfeidhm iad;

- go gchinntítear go mbeadh luach ag baint le bainistiú cartlann agus go tabharfaidh na heagraíochtaí ar fad faoin mbainistiú sin go hinniúil, agus go gcruthóidh siad cartlanna agus go mbainfidh siad úsáid astu nuair atá gnó á dhéanamh acu;

- go leithdháilfear acmhainní cuí chun tacú le bainistiú ceart na gcartlann lena n-áirítear lucht gairmiúil oilte a fhostú;

- go ndéanfar cartlanna a bhainistiú agus go gcothabháilfear iad i mbealaí a chinnteodh a n-údaracht, a n-iontaofacht, a macántacht agus a n-inúsáideacht;

- go gcuirfear cartlanna ar fáil do chách , agus go gcloítear le dlíthe ábhartha agus le cearta an duine, na gcruthaitheoirí, na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí;

- go mbainfear úsáid as cartlanna chun saorántacht fhreagrach a chur chun cinn.